



Obair Shnáithe- Gníomhaíochtaí Éagsúla Teagasc, 1 Márta – 26 Márta

Snáithe 1 Cleachtas Ionchuimsitheach	Snáithe 2 Múineadh Teanga	Snáithe 3 Fócas Curaclaim	Snáithe 4 Cur chuige Folláine – OSPS & Corpoideachas
Snáithe 5 Oideachas sna hEalaíona	Snáithe 6 Ag múineadh OSIE	Snáithe 7 Ionchur maidir le Teagasc ar líne	Snáithe 8 Eile

Ó 1 – 26 Márta bíonn an mac leinn páirteach i réimse gníomhaíochtaí teagasc (Snáitheanna). Tuigtear go mbeidh cúinsí éagsúla i scoileanna éagsúla i mbliana. De ghnáth tarlaíonn na gníomhaíochtaí seo timpeall na scoile ach i mbliana beidh éagsúlacht ann ó scoil go scoil. Beidh mic léinn áirithe ag obair le rang amháin agus beidh an deis ag mic léinn eile dul i mbun oibre le dhá rang. Beidh éagsúlacht ann ó thaobh ama a caitear ar na Snáitheanna éagsúla ó scoil go scoil agus ar an aschur oibre. Táthar ag súil go mbeidh an mac léinn gnóthach an t-am ar fad agus go mbainfidh sé/sí leas as gach deis a tugtar dó/di. Pléifidh na mic léinn an obair shnáithe go mion leis an bhfoireann agus déanfar athbhreithniú ar na tuairimí go rialta le foireann na scoile ina dhiaidh sin.

Snáithe 1: Cleachtas Ionchuimsitheach le fócas ar Oideachas Speisialta

Is gné ar leith den socrúchán sínithe í foghlaim faoi chur chuige na scoile maidir le hOideachas Speisialta. Ag leibhéal ranga, le cabhair an mhúinteora agus le cabhair múinteoirí oideachais speisialta caithfidh na mic léinn am ag cur aithne ar na daltaí d'fhonn tuiscint a fháil ar conas mar a théann daltaí, daltaí le riachtanais oideachais speisialta san áireamh, i ngleic leis an bhfoghlaim i seomra ranga ionchuimsitheach. Cuirfear béim ar thimpeallacht foghlama atá fuinniúil agus freagrach a chothú ina mbaintear úsáid as teagasc ranga uile, teagasc i ngrúpaí beaga agus teagasc aonair. Beifear ag súil go gcuirfidh mic léinn iad féin ar an eolas maidir leis an gcur chuige atá i bhfeidhm sa scoil agus cur leis an gcur chuige ag leibhéal na scoile uile mar is cuí.

Snáithe 2: Múineadh Teanga: Luaitear teanga mar phríomh-ábhar san ath-oscailt scoile agus iarrtar ar na mic léinn ceachtanna teanga (Béarla & Gaeilge) a phlé leis an múinteoir roimhré. Féach ar an gcáipéis: Ag Filleadh ar an Scoil: Treoir Curaclaim do cheannairí bunscoile agus do mhúinteoirí lth 18 – 22 (nasc thíos).

<https://s3-eu-west-1.amazonaws.com/govieassets/81988/6505b962-fada-4333-b5eb-b582dda26645.docx>

Snáithe 3: Fócas Curaclaim – togra beag a phleanáil agus a chur i hfeidhm

Nuair atá gach modúl curaclaim éigeantach iomlánaithe ag na mic léinn (beidh dhá mhodúl rognach oideachais déanta ag gach duine), iarrtar ar mhic léinn limistéar den churaclaim a aithint ina bhfuil spéis ar leith acu. Forbróidh an mac léinn, i gcomhar leis an bhfoireann scoile, plan dá rogha limistéir spéise. Beidh inniúlachtaí agus scileanna an mhic léinn léirithe sa phlean agus freagróidh sé do riachtanais na scoile sa limistéar sin. Ar mhaithe le leanúnachas a chinntiú, ba chóir go mbeadh 6 sheisúin i gceist.

Snáithe 4: Cur chuige Folláine - OSPS agus Corpoideachas: Luaitear iad mar phríomh-ábhair san ath-oscailt scoile agus iarrtar ar na mic léinn labhairt leis an múinteoir faoi cheachtanna a ullmhú sna réimsí seo.

Snáithe 5: Oideachas sna hEalaíona: Moltar do mhic léinn na hábhair seo (Ceol, Ealaíon, Drámaíocht) a mhúineadh ar feadh dhá sheachtain.

Snáithe 6: OSIE: Moltar do mhic léinn na hábhair seo (Eolaíocht, Tír Eolas, Stair) a mhúineadh ar feadh dhá sheachtain.

Snáithe 7: Ionchur maidir le Teagasc ar líne: Faigh taithí ar chóras na scoile agus moltar duit cur leis an ionchur seo. Déan cur síos ar an obair / ar an gcur i láthair (le samplaí) a dhéanfaidh tú ar líne chun tacú leis na páistí má dhúntar an scoil de bharr Covid-19 agus/nó más rud go bhfuil ort freastal ar líne ar pháistí nach féidir leo teacht ar scoil de bharr Covid-19.

Snáithe 8: Tá deis anseo tionscnamh eile a dhéanamh nach bhfuil luaite thuas ach a bheadh oiriúnach sa suíomh scoile seo, ag an am seo agus go bhfuil foireann na scoile sásta tacú leis.